**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2011 (30.09)**
**(OR. en)**

**14712/11**

**TRANS 249**
**MAR 119**
**AVIATION 217**
**MI 449**
**RELEX 962**
**ECOFIN 629**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | An Ardrúnaíocht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimhir an doic. roimhe seo: | 14269/11 TRANS 240 MAR 112 AVIATION 209 MI 430 RELEX 909 ECOFIN 586 |
| Uimhir an togra ón gCoim.: | 12635/11 TRANS 212 MAR 98 AVIATION 184 MI 354 RELEX 760 ECOFIN 507 |
| Ábhar: | Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa "An AE agus a réigiúin chomharsanachta: Cur chuige nua maidir le comhar san iompar" – Conclúidí ón gComhairle a ghlacadh |

**<u>Réamhrá</u>**

1. An 7 Iúil 2011, fuair an Chomhairle Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle "An AE agus a réigiúin chomharsanachta: Cur chuige nua maidir le comhar san iompar" arb é is aidhm di creat beartais athnuaite a leagan amach chun naisc iompair níos fearr a chur chun cinn i gcomharsanacht an AE trí feabhas a chur ar bhonneagar iompair agus tríd an margadh a chomhtháthú ar bhealach níos dlúithe.

2. D'fhonn an cuspóir thuasluaite a bhaint amach, tá cur síos sa Teachtaireacht ar bhreis agus fiche beart, idir ghearrthéarmach agus fhadtéarmach, i ngach modh iompair: iompar de bhóthar, d'iarnród, iompar eitlíochta, iompar muirí agus loingseoireacht intíre. I gcomhréir leis an bPáipéar Bán "Plean Oibre do Limistéar Iompair Eorpach Aonair" (8333/11), sa chomhar leis na réigiúin chomharsanachta ba cheart díriú ar fáil réidh leis na bacainní ar iompar agus ar chóras iompair a oibriú a mbeadh ardchaighdeáin sábháilteachta, slándála, shóisialta agus chomhshaoil aige, ó thaobh an bhonneagair agus ó thaobh chomhtháthú an mhargaidh de araon. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don AE leibhéal níos airde difreála a chur i bhfeidhm san earnáil iompair a bheadh ag brath ar uaillmhian agus ar ullmhacht gach tíre ó thaobh í féin a chomhtháthú ar bhealach níos dlúithe leis an AE.

**An obair atá déanta ag comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle**

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Iompar, Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin, an Teachtaireacht thuasluaite agus na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle a thíolaic an Uachtaránacht ag roinnt cruinnithe in Iúil agus i Meán Fómhair 2011.

4. Scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe na dréacht-Chonclúidí ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Meán Fómhair 2011 agus bhí sé in ann iad a fhormhuiniú.

**An chéad chéim eile**

5. Iarrtar ar an gComhairle, leis seo, na conclúidí a ghabhann leis an tuarascáil seo a scrúdú agus a ghlacadh ag an seisiún a bheidh aici an 6 Deireadh Fómhair 2011.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an**
**Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa**
**"An AE agus a réigiúin chomharsanachta: Cur chuige nua maidir le comhar san iompar"**

Déanann an CHOMHAIRLE an méid seo a leanas:

1. FEARANN SÍ FÁILTE roimh an Teachtaireacht ón gCoimisiún "An AE agus a réigiúin chomharsanachta: Cur chuige nua maidir le comhar san iompar", lena gcuirtear chun cinn gníomhartha chun an comhar i gcúrsaí iompair a neartú le réigiúin chomharsanachta a chumhdaítear leis an mBeartas um Mhéadú agus le Beartas Comharsanachta na hEorpa araon;

2. MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí ón gComhairle i dtaobh straitéis an mhéadaithe, a glacadh an 14 Nollaig 2010, agus na Conclúidí maidir le cur chuige nua an AE i ndáil le Beartas Comharsanachta na hEorpa, a glacadh an 20 Meitheamh 2011, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé naisc níos fearr iompair a bheith ann ar mhaithe le comhtháthú eacnamaíoch níos doimhne agus comhlachas polaitiúil níos dlúithe leis na réigiúin chomharsanachta;

3. MEASANN SÍ go bhféadfaí naisc níos fearr iompair a chruthú trí feabhas a chur ar an mbonneagar iompair agus dá ndéanfaí an margadh a chomhtháthú ar bhealadh ní ba dhlúithe i dtreo is gur fusa do phaisinéirí an taisteal agus gurbh éifeachtúla iompar na n-earraí, agus suíomh geografach sonrach na mBallstát á chur san áireamh;

4. MEASANN SÍ go mbeifear in ann margaí iompair an AE agus margaí iompair a thíortha comharsanachta a chomhtháthú de réir thoil agus ullmhacht gach tíre an comhtháthú sin a chur i gcrích agus nach féidir é a bhaint amach ach amháin má dhéanann na tíortha comharsanachta dul chun cinn chun caighdeáin atá ar aon dul le caighdeáin an AE a chur i bhfeidhm i réimsí amhail an tsábháilteacht, an tslándáil, an comhshaol agus cúrsaí sóisialta;

5. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé oibriú as lámh a chéile le réigiúin chomharsanachta sna modhanna iompair uile, lena n-áirítear oibríochtaí ilchóracha, chun a bhfeidhmiú a fheabhsú ó thaobh sábháilteachta, slándála, an chomhshaoil agus cúrsaí sóisialta de agus FEARANN SÍ FÁILTE roimh ghníomhartha i leith tríú tíortha lena ndírítear ar Chomhlimistéar Eitlíochta na hEorpa a leathnú, ar fáil réidh lena thuilleadh bacainní i ndáil le gluaiseacht mhuirí san Eoraip agus timpeall uirthi agus lena dtugtar faoin rochtain neamh-idirdhealaitheach ar chalafoirt, ar idir-inoibritheacht na gcóras iarnróid a mhéadú, ar iompar paisinéiri agus earraí a éascú trí thrasnú teorann, nósanna imeachta riaracháin agus custaim do gach cineál iompair a athchóiriú chun éifeachta;

6. MAÍONN SÍ gur féidir feabhas a chur ar na naisc sa bhonneagar iompair trí ghréasáin straitéiseacha de bhonneagair iompair a chur chun feidhme mar aon le tionscadail tosaíochta ar chun leasa an AE agus na dtíortha comharsanachta araon iad, lena n-áirítear mótarbhealaigh mhara agus rochtain ar nóid ilchóracha lena gceanglófaí an Gréasán Iompair Thras-Eorpach le bonneagar na dtíortha comharsanachta, maille leis na tionscadail sin lena bhfeabhsaítear gréasáin réigiúnacha agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá an t-athbhreithniú ar na treoirlínte TEN-T atá le teacht a chur san áireamh sa chomhthéacs seo;

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé na hacmhainní airgeadais atá ann cheana a úsáid chun cuidiú leis na tíortha comharsanachta leasuithe a dhéanamh atá riachtanach chun naisc níos fearr iompair a bhaint amach leis an AE, amhail Saoráid Infheistíochta na Comharsanachta (SIC) ar féidir léi cistiú a ghiaráil ó institiúidí idirnáisiúnta airgeadais do na tionscadail bhonneagair iompair a bhfuil tosaíocht ag roinnt leo, gan dochar don phlé ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile;

8. TARRAINGÍTEAR AIRD ar an gcomhar atá ann cheana idir an AE agus a chomharsana sna Balcáin Thiar i leith an iompair réigiúnaigh agus ÁITÍONN SÍ gur cheart an comhar sin a neartú le go bhféadfadh na Ballstáit sin ar mian leo na naisc iompair idir an AE agus an réigiún sin a fhorbairt tuilleadh a bheith páirteach ar bhonn cothrom;

9. SPREAGTAR an AE leanúint lena chomhar sa chreat iompair Euromed faoi choimirce an Aontais don Réigiún Meánmhuirí, agus é d'aidhm aige tionscadail tosaíochta nithiúla atá aitheanta cheana féin laistigh den Ghréasán Iompair Thras-Mheánmhuirí a chur chun cinn, agus CAITEAR SÚIL DHÓCHASACH CHUN CINN chuig dara Comhdháil Airí Iompair an réigiúin Eura-Mheánmhara;

10. AITHNÍONN SÍ gur gá comhar níos struchtúraithe a bheith ann le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir laistigh de chreat éifeachtúil, trédhearcach agus dá bhrí sin TÁ AN CHOMHAIRLE AG BREATHNÚ ROIMPI GO DÓCHASACH chuig bunú Phainéal Iompair Chomhpháirtíocht an Oirthir agus lena seoladh i gComhdháil Aireachta Chomhpháirtíocht an Oirthir an 24-25 Deireadh Fómhair 2011 i Kraków;

11. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá cineálacha eile comhair réigiúnaigh freisin, agus an comhar le fóraim idirnáisiúnta agus straitéisí réigiúnacha nó mar chuid díobh, ar comhar é a chuidíonn leis an gcaidreamh a fheabhsú maidir le cúrsaí iompair idir an AE agus a Bhallstáit agus na réigiúin chomharsanachta uile;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an cur chun cinn a dhéanfar sna creataí comhair sin a thuairisciú don Chomhairle.